Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Aibreán 2024
(OR. en)

8506/24

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0078(NLE)**

**EDUC 111**
**SOC 250**
**RECH 152**
**JEUN 73**
**DIGIT 100**
**ENV 386**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 27 Márta 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 145 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le gairmeacha tarraingteacha inbhuanaithe san ardoideachas |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 145 final.

Faoi iamh: COM(2024) 145 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.3.2024
COM(2024) 145 final

2024/0078 (NLE)

Togra le haghaidh

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le gairmeacha tarraingteacha inbhuanaithe san ardoideachas**

{SWD(2024) 74 final}

GA GA

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

# 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

## 1,1. Forais agus cuspóirí an togra

Sa gheilleagar eolasbhunaithe, déanfar todhchaí na hEorpa a mhúnlú ar bhonn fheidhmíocht a córas oideachais agus chumas na hEorpa dul san iomaíocht sa rás domhanda chun tallann a mhealladh. Is cinnte go mbeidh an t-oideachas ina chuid den réiteach ar go leor de na dúshláin atá roimh an Eoraip.

Tá ról lárnach ag earnáil ardoideachais na hEorpa maidir leis na scileanna ardleibhéil is gá i margadh an tsaothair a thabhairt dá lucht saothair agus leagann sí síos an bunús do chumas nuálaíochta agus d'iomaíochas na hEorpa, go háirithe i gcomhthéacs lucht saothair atá ag laghdú. Tá earnáil ardoideachais na hEorpa ríthábhachtach freisin maidir le cumas shaoránaigh an Aontais foghlaim agus smaoineamh ar bhealach neamhspleách, rud atá ríthábhachtach maidir le daonlathas feidhmiúil.

Ní mór don earnáil ardoideachais baill foirne éirimiúla a mhealladh — agus na baill foirne sin a choinneáil. Ba cheart na baill foirne sin a bheith in ann a bheith rathúil, gan beann ar a gcúlra, agus saoirse acadúil a bheith acu, i gcomhréir le prionsabail dhaonlathacha. Sa lá atá inniu ann, tugann an fhoireann acadúil faoi réimse leathan cúraim, ar cúraim thar róil thraidisiúnta teagaisc agus taighde iad. Tá deiseanna gairme agus sásamh as post ina ngnéithe cinntitheacha chun tallann acadúil a choinneáil.

Dírítear sa togra seo ar dhá shaincheist eile a mbíonn tionchar acu ar tharraingteacht na ngairmeacha acadúla:

(1) Chun ***gníomhaíochtaí oideachais trasnáisiúnta comhpháirteacha ceannródaíocha a dhéanamh*** - amhail céim Eorpach[1] - tá gá le baill foirne dhíograiseacha a bhfuil scileanna sonracha acu. Is léir ón taithí[2] a fuarthas, áfach, go bhféadfadh ualach oibre breise a bheith ina thoradh ar dhul i mbun comhair thrasnáisiúnta, ualach oibre nach n-aithnítear i gcónaí ná nach dtugtar luach saothair dó. Is féidir an obair sin a mheas mar rud atá le déanamh sa bhreis ar phost lánaimseartha, agus d'fhéadfadh sé sin a bheith ina dhíspreagadh chun dul i mbun oibre ar chomhar trasnáisiúnta.

(2) Chun ***scileanna ardcháilíochta a thabhairt do dhaoine,*** tá gá le foireann acadúil dhea-oilte bheo-intinneacha. Mar sin féin, tá na critéir maidir le breithmheas gairme agus ardú céime san earnáil ardoideachais nasctha níos dlúithe le gníomhaíochtaí taighde agus ní chomh dlúth céanna le cáilíocht an teagaisc. D'fhéadfadh sé sin an fhoireann acadúil a dhíspreagadh ón teagasc, mar aon le faillí a dhéanamh in oiliúint leanúnach trína gcoinnítear iad cothrom le dáta maidir le modhanna agus ábhar oideolaíochta. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh deacrachtaí ag an bhfoireann acadúil

[1] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le treoirphlean le haghaidh céim Eorpach COM(2024) 144.

[2] Comhghuaillíochtaí d'Ollscoileanna Eorpacha, Máistir Chomhpháirteach Erasmus Mundus, Cúrsaí dochtúireachta comhpháirteacha Marie Skłodowska-Curie (GMSC), agus cláir a bhfuil lipéad EIT orthu arna gcistiú faoin gclár Erasmus+.

cothromaíocht a bhaint amach idir teagasc agus taighde, agus dá bhrí sin, is lú a ghlacann siad páirt sa teagasc.

Déanann institiúidí ardoideachais an nuálaíocht agus an fhorbairt eacnamaíoch, shibhialta agus chultúrtha a réigiúin a threorú freisin. Forbraíonn siad eolas agus scileanna gairmiúla daoine - ach tugann siad daoine agus pobail le chéile freisin chun tairbhe an dá rud. Mar sin féin, ní léiríonn go leor institiúidí ardoideachais an meas is gá do ghníomhaíochtaí amhail rannpháirtíocht ghnó agus phobail, nuálaíocht áitbhunaithe[3] nó rannpháirtíocht i rialachas institiúideach.

Is é is aidhm don togra seo aghaidh a thabhairt air sin mar chuid de phacáiste níos mó, le Teachtaireacht maidir le treoirphlean le haghaidh céim Eorpach agus togra le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le córas Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta agus um Aitheantas. Tacaíonn an tionscnamh seo le hobair i dtreo céim Eorpach, ach téann sé níos faide, leis an moladh maidir le foireann acadúil agus baill foirne ghairmiúla den scoth a mhealladh agus a choinneáil san ardoideachas chun an sprioc sin a chur chun cinn.

Is é sprioc dheiridh an tionscnaimh earnáil ardoideachais atá faoi bhláth, mar bhunchloch lárnach den Limistéar Eorpach Oideachais[4], chun cabhrú leis an Eoraip dul i ngleic leis na dúshláin a bheidh ann amach anseo, trí scileanna a thabhairt do dhaoine i gcomhréir le riachtanais athraitheacha na sochaí.

Ba cheart an togra seo a fheiceáil in éineacht leis an Moladh ón gComhairle maidir le Creat Eorpach a bhunú chun daoine tréitheacha sna réimsí taighde, nuálaíochta agus fiontraíochta a mhealladh agus a choinneáil san Eoraip[5] — lena dtreiseofaí sineirgí idir an Limistéar Eorpach Oideachais agus an Limistéar Eorpach Taighde (LET)[6].

## 1,2. Saincheisteanna struchtúracha agus oibríochtúla a dtabharfar aghaidh orthu leis an moladh seo

Léiríonn fianaise ó staidéir agus ó chomhairliúcháin na dídhreasachtaí do bhaill foirne san ardoideachas páirt a ghlacadh sa chomhar trasnáisiúnta agus sa teagasc trasnáisiúnta, agus an easpa aitheantais do na gníomhaíochtaí sin maidir le dul chun cinn gairme.

### *1.2.1. Rannpháirtíocht i gcomhar trasnáisiúnta níos doimhne a chur chun cinn, a aithint agus meas a léiriú di*

Léiríonn taighde go bhfuil dearcadh forleathan ann nach n-aithnítear go leordhóthanach ina ngairmeacha an t-am a chaitheann baill foirne san ardoideachas ar an gcomhar trasnáisiúnta a dhoimhniú (lena n-áirítear comhghuaillíochtaí d'Ollscoileanna Eorpacha a dhéanamh agus a

[3] Is é is aidhm don nuálaíocht áitbhunaithe claochlú eacnamaíoch uirbeach/réigiúnach a bhaint amach lena sárófar tionchair straitéisí náisiúnta nó straitéisí ar leibhéal an Aontais. Leagtar béim léi sin ar chur chuige ón mbun aníos ina mbeidh na geallsealbhóirí ábhartha uile rannpháirteach, lena gcumhachtaítear cathracha nó réigiúin chun straitéisí a fhorbairt atá saincheaptha dá riachtanais. Féach Rissola, G. and Haberleithner, J., *Place-Based Innovation Ecosystems. A case-study comparative analysis*. [Éiceachórais Nuálaíochta Áitbhunaithe. Anailís Chomparáideach Chás-Staidéir], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2020, ISBN 978-92-76-19006-6.

[4] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir leis an Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach faoi 2025, 30 Meán Fómhair 2020, COM(2020) 625 final.

[5] Moladh ón gComhairle an 18 Nollaig 2023 maidir le creat Eorpach chun daoine tréitheacha sna réimsí taighde, nuálaíochta agus fiontraíochta a mhealladh agus a choinneáil san Eoraip (IO C, C/2023/1640, 29.12.2023).

[6] https://research-and-innovation.ec.europa.eu/strategy/strategy-2020-2024/our-digital-future/european-research-area_en?prefLang=ga#what-is-era.

chur in úsáid[7]). I suirbhé tiomnaithe a rinneadh ar an tsaincheist sin[8], d'aontaigh formhór na bhfreagróirí go raibh comhar trasnáisiúnta sa teagasc agus san fhoghlaim mar chuid dá straitéis institiúideach ardoideachais (66 %), agus go ndearna conairí gairme don fhoireann acadúil gníomhaíochtaí comhair thrasnáisiúnta a chumasú, a spreagadh go héifeachtach (65 %) agus gur thacaigh siad leis na gníomhaíochtaí sin. Mar sin féin, maidir le sásraí dreasachta, ardaithe céime agus breithmheasa, níor chomhaontaigh ach 40 % de na freagróirí gur cuireadh an rannpháirtíocht sa chomhar trasnáisiúnta san áireamh go héifeachtach. Chuir na freagróirí in iúl i roinnt mhaith cásanna go raibh siad den tuairim go ndearnadh gannmheas ar an obair sin agus go raibh coinne leis go ndéanfadh daoine an obair sin sa bhreis ar a bpost lánaimseartha.

Ina theannta sin, ní éascaítear go leordhóthanach deiseanna soghluaisteachta Eorpacha agus idirnáisiúnta do bhaill foirne. Admhaíonn an fhoireann acadúil atá rannpháirteach i gclár Erasmus+ nó i nGníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie go gcuireann an dá chlár sin ar a gcumas dóibh úsáid níos mó a bhaint as modhanna nuálacha teagaisc agus naisc níos dlúithe a chothú leis an margadh saothair. Mar sin féin, i dtuarascáil[9] a rinneadh maidir le hacmhainní córas ardoideachais sna 24 thír a thug freagra ar ECFE[10], cuirtear i dtábhacht nach bhfuil cláir náisiúnta thiomnaithe ach ag an leathchuid de na tíortha a ndearnadh sampláil orthu chun soghluaisteacht foirne a chistiú agus chun tacú léi.

*1.2.2. Róil agus cúraim acadúla éagsúla a chur chun cinn, a aithint agus meas a léiriú dóibh, lena n-áirítear teagasc nuálach agus éifeachtach;*

Ball foirne atá ag obair in institiúidí ardoideachais, tá súil ag a bhfostóir na leis agus ag an tsochaí i gcoitinne leis go gcomhlíonfaidh siad róil agus cúraimí breise éagsúla[11] sa bhreis ar an teagasc agus ar an taighde. I ndeireadh na dála, is iad na cúraimí breise sin a mhúnlaíonn an ról atá ag an ardoideachas sa tsochaí - oideachas a chur ar ghairmithe ardoilte agus dul i ngleic le dúshláin shóisialta agus eacnamaíocha. Mar sin féin, ní léirítear an meas céanna do na cúraimí éagsúla sin. Cé go bhfuil sásraí foirmiúla ann i bhformhór na dtíortha Eorpacha chun aitheantas a thabhairt don teagasc i ngairmeacha acadúla, is cosúil nach n-oibríonn siad go maith sa chleachtas. An teagasc agus gníomhaíochtaí acadúla eile nach gníomhaíochtaí taighde iad – a bhfuil gach ceann acu ríthábhachtach don tsochaí – tá sé ríthábhachtach go ndéanfaí an meas céanna a léiriú do na gníomhaíochtaí agus a léirítear don taighde[12].

Is ábhar imní d'eagraíochtaí páirtithe leasmhara an easpa cothroime measa idir an taighde agus an teagasc. Tá imní orthu freisin mar gheall ar na leibhéil arda míshástachta a thuairiscítear le cleachtais institiúideacha a bhaineann le héagsúlacht na ról agus na gcúraimí acadúla. Mar shampla, dúirt os cionn dhá thrian (70 %) de na freagróirí ar shuirbhé a rinneadh

---

7 Is tionscnamh de chuid an Aontais é tionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha arb é is aidhm dó comhghuaillíochtaí a bhunú idir institiúidí ardoideachais ar fud na hEorpa. Cuirtear chun feidhme é go príomha trí chistiú Erasmus+.

8 Taighde arna dhéanamh ag ECORYS (comhairleoireacht taighdebhunaithe) in 2023.

9 ECFE (2024), *The state of academic careers in OECD countries: An evidence review* [Staid na ngairmeacha acadúla i dtíortha ECFE: Athbhreithniú fianaise], *Peirspictíochtaí Beartais Oideachais ECFE*, Uimh. 91, Foilsitheoireacht ECFE, Páras, https://doi.org/10.1787/ea9d3108-en.

10 An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta.

11 Áirítear orthu sin an comhar trasnáisiúnta, rannpháirtíocht ghnó agus phobail (comhar le hearnálacha éagsúla den gheilleagar agus de phobail áitiúla), nuálaíocht áitbhunaithe, agus rannpháirtíocht i rialachas institiúideach.

12 Féach suirbhé ECORYS ar líne agus athbhreithniú fianaise ECFE. Ina theannta sin, sa Mholadh ón gComhairle maidir le Creat Eorpach a bhunú chun daoine tréitheacha sna réimsí taighde, nuálaíochta agus fiontraíochta a mhealladh agus a choinneáil san Eoraip (mar a glacadh in 2023), moltar córais mheasúnaithe agus luaíochta ina n-aithnítear éagsúlacht aschuir, gníomhaíochtaí agus cleachtas. Áirítear leis sin an teagasc, comhar idir an saol acadúil agus an tionscal, agus idirghníomhaíocht leis an tsochaí.

le déanaí[13] nach raibh ualach oibre na foirne acadúla dáilte go cothrom ar chineálacha foirne, leibhéil shinsearachta, agus róil. Léirítear i staidéar eile a rinneadh le déanaí nach bhfuil ach tionchar teoranta ag torthaí na meastóireachta seo ar dhul chun cinn gairme, cé go ndéantar meastóireacht rialta ar fheidhmíocht mhúinteoireachta in go leor córas ardoideachais, agus gur beag aitheantas a thugtar do theagasc nuálach ar ardchaighdeán[14].

Is ábhar imní eile don fhoireann acadúil samhlacha líneacha conaire gairme, toisc go gcuireann siad bac ar chumas na n-institiúidí ardoideachais nuálaíocht a dhéanamh agus dul i dteagmháil leis an éiceachóras níos leithne atá acu. Is annamh is féidir leis an bhfoireann acadúil bogadh go héasca idir an saol acadúil agus earnálacha eile. Mar sin féin, chuirfeadh leathnú den sórt sin taithí le cáilíocht an teagaisc agus an tsaoil acadúil araon.

Ina theannta sin, meastar nach leor an tacaíocht atá ann d'fhorbairt na foirne acadúla. Chun dul i ngleic le corpas mac léinn atá níos éagsúla agus iad a rannpháirtiú i dtimpeallacht foghlama atá dírithe ar an mac léinn, ní mór nuashonrú leanúnach a dhéanamh ar mhodhanna teagaisc. Cé go bhfuil tacaíocht ann don fhoireann acadúil chun feabhas a chur ar mhodhanna teagaisc (feabhsú teagaisc)[15], níl sé seo forleathan ar fud an Limistéir Eorpaigh Oideachais. Níl sé chomh coitianta sin fós ceanglas foirmiúil cáilíochta múinteoireachta a chur i bhfeidhm do bhaill foirne acadúla atá ag glacadh le ról múinteoireachta san ardoideachas[16].

### *1.2.3. Dálaí iomaíocha, sábháilte, cothroma, saora agus neamh-idirdhealaitheacha a chur chun cinn chun baill foirne a mhealladh agus a choinneáil.*

Ní féidir teagasc agus comhar trasnáisiúnta ar ardchaighdeán a fhorbairt ach amháin i dtimpeallacht oibre atá saor, sábháilte, intuartha agus cobhsaí. Braitheann folláine na foirne acadúla ar roinnt tosca: an fhéidearthacht atá ann forbairt ghairmiúil a dhéanamh, an comhionannas agus an neamh-idirdhealú san earcaíocht agus in arduithe céime, deiseanna soghluaisteachta, agus an tsaoirse intleachtúil. Is príomhthosca iad sin chun glúine óga a mhealladh chuig gairm sa saol acadúil. An tráth céanna, d'fhéadfaí daoine a dhíspreagadh ó ghairm den chineál sin a roghnú mar gheall ar an easpa cuimsitheachta agus iomaíochais ó thaobh dálaí oibre tarraingteacha de. Cion ard na gconarthaí neamhbhuana i réimse an ardoideachais, go háirithe i ngairmeacha luathchéime, cuireann sé sin cosc ar dhaoine óga a scileanna gairmiúla a fhorbairt. Sin an fáth a bhfuil gá le hidirphlé sóisialta éifeachtach agus saoirse acadúil chun oideachas ar ardcháilíocht agus comhar trasnáisiúnta a bhaint amach.

Fágann saintréithe sonracha an ardoideachais agus éagsúlacht na n-institiúidí go bhfuil staid na foirne acadúla an-éagsúil - go háirithe i measc na ndaoine sin ag luathchéimeanna a ngairme. Tá go leor ball foirne san ardoideachas fostaithe ar chonarthaí gearrthéarmacha nó neamhbhuana[17]. Cé go bhféadfadh sé sin níos mó solúbthachta a thabhairt d'institiúidí ardoideachais, d'fhéadfadh sé nach mbeadh gairm na hacadúlachta chomh tarraingteach céanna.

[13] Taighde a rinne ECORYS in 2023.
[14] https://doi.org/10.1787/ea9d3108-en.
[15] Tá oibleagáidí rialála ar 5 Bhallstát chun an teagasc a fheabhsú: DK, EE, FR, LT agus LV. Féach Zhang, T. (2022). *National Developments in Learning and Teaching in Europe* [Forbairtí Náisiúnta san Fhoghlaim agus sa Teagasc san Eoraip]. An Bhruiséil: Cumann Eorpach na nOllscoileanna.
[16] https://doi.org/10.1787/ea9d3108-en.
[17] Tugann fianaise le fios go bhféadfadh thart ar an gceathrú cuid den fhoireann a bheith fostaithe ar chonarthaí gearrthéarmacha i gcórais áirithe: https://doi.org/10.1787/ea9d3108-en.

Chomh maith leis an tsIándáil fostaíochta agus dálaí oibre, braitheann folláine na foirne seirbhísí acadúla agus gairmiúla ar an athdhearbhú gur féidir leo múineadh gan cur isteach ná eagla roimh dhíoltas. I staidéar a rinneadh le déanaí, ina ndearnadh anailís ar fhéindearcadh 4,000 ball foirne acadúil maidir leis an tsaoirse acadúil atá acu i dtíortha an Aontais, thuairiscigh 45 % díobh go raibh laghdú ann i gcosaint na saoirse acadúla[18]. D'fhéadfadh aon eachtra a d'fhéadfadh an bonn a bhaint den tsaoirse acadúil bac a chur ar obair acadúil, ar obair í a dhéantar i spás poiblí, mar gheall ar chineál na hoibre féin. An eagla go ndéanfar géarleanúint ar do chuid tuairimí eolaíocha, is dídhreasacht mhór í sin maidir le dul i mbun gairme san ardoideachas.

Tá ardleibhéal inrochtaineachta ar an gcóras ardoideachais san Eoraip i gcomparáid leis an gcuid eile den domhan. Mar sin féin, tá grúpaí faoi mhíbhuntáiste fós faoi thearcionadaíocht i measc mac léinn, foirne acadúla agus taighdeoirí. Tá sé tábhachtach d'institiúidí ardoideachais timpeallacht a chruthú ina bhfanann daoine tréitheacha ó ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste sa saol acadúil agus ina gcuireann siad – leis an taithí shonrach atá acu – le hobair acadúil ar ardchaighdeán[19]. Féadfaidh baill foirne acadúla ó ghrúpaí atá faoi thearcionadaíocht gníomhú mar eiseamláirí do mhic léinn faoi mhíbhuntáiste, rud a d'fhéadfadh cabhrú le daoine tréitheacha éagsúla a mhealladh. I bhfianaise ról sochaíoch an tsaoil acadúil, ní mór dó a bheith oscailte don éagsúlacht agus dálaí neamh-idirdhealaitheacha agus sábháilte a chruthú chun cur ar chumas na foirne uile nuáil agus teagasc a dhéanamh. In éagmais deiseanna earcaíochta, fostaíochta agus soghluaisteachta atá cuimsitheach agus inrochtana do dhaoine atá faoi mhíchumas, cuirtear bac orthu dul i mbun gairme sa réimse sin nó gairm sa réimse sin a choinneáil ar bun. Sa bhliain 2020, bhí sé huaire níos lú daoine faoi mhíchumas ag obair in earnáil an oideachais ná mar a bhí líon na ndaoine ag obair inti nach raibh faoi mhíchumas[20]. Léiríonn an fhianaise go bhfuil míchothromaíochtaí leanúnacha inscne ann, lena n-áirítear neamhionannas conarthach[21]. Is minice mná ná fir a bheith fostaithe ar chonarthaí neamhbhuana (9 % de mhná i gcomparáid le 7.7 % d'fhir sa bhliain 2019) agus ar chonarthaí sealadacha (3.9 pointe céatadáin níos mó). In ainneoin an dul chun cinn atá déanta le blianta beaga anuas, tá mná faoi thearcionadaíocht i measc na foirne acadúla san Eolaíocht, sa Teicneolaíocht, san Innealtóireacht agus sa Mhatamaitic (ETIM), agus i bpoist atá ar chéim níos airde. Is féidir tionchar díreach a bheith ag difríochtaí inscne den sórt sin ar an mbearna phá idir na hinscní, ós rud é gur gnách go mbíonn baint ag réimsí ETIM le leibhéil phá níos airde. Is é 26 % san Aontas an meánchion de mhná a bhfuil ollúnacht iomlán nó poist choibhéiseacha acu, agus tá míchothromaíocht inscne níos mó fós ann sa rialachas, inar mná iad díreach 24 % de cheannairí institiúidí ardoideachais.

Feabhas a chur ar dhálaí oibre agus ag aghaidh a thabhairt ar bhacainní agus ar neamhionannais inscne i ngairmeacha acadúla, tá ról tábhachtach aige sin maidir le dálaí iomaíocha, saora, cuimsitheacha, sábháilte, cothroma agus neamh-idirdhealaitheacha a chur chun cinn sa saol acadúil, ós rud é go bhfuil siad mar chuid de na gnéithe is gá chun cur le

[18] Karran, T. & K. Beiter (2020), 'Academic freedom in the European Union: legalities and realities', in Bergan, S., T. Gallagher and I. Harkavy (eds.), *Academic Freedom, Institutional Autonomy and the Future of Democracy,* Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe, Foilsitheoireacht Chomhairle na hEorpa, Strasbourg.

[19] Rannpháirtíocht an phobail san ardoideachas: treochtaí, cleachtais agus beartais - NESET (nesetweb.eu).

[20] European Disability Expertise, The employment of persons under disabilities [Saineolas Eorpach maidir le Daoine faoi Mhíchumas, Fostú Daoine faoi Mhíchumas], Tuarascálacha - Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú - An Coimisiún Eorpach (europa.eu)

[21] An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht an Taighde agus na Nuálaíochta, She figures 2021 – *Gender in research and innovation – Statistics and indicators* [Comhionannas Inscne sa Taighde agus sa Nuáil – Staidreamh agus táscairí], Oifig na bhFoilseachán, 2021,https://data.europa.eu/doi/10.2777/06090.

tarraingteacht na n-institiúidí ardoideachais don fhoireann acadúil agus chun teagasc ardcháilíochta agus comhar trasnáisiúnta a chothú.

Is minic a bhíonn sonraí maidir le gairmeacha acadúla ilroinnte, rud a fhágann go bhfuil sé deacair anailís dhomhain a dhéanamh ar ghnéithe áirithe. Tá tús curtha cheana féin leis an obair ar roinnt de na bearnaí sonraí atá ann faoi láthair a líonadh mar chuid den obair atá déanta ag an bhFaireachlann Eorpach um an Earnáil Ardoideachais[22] agus ag an bhfaireachlann gairmeacha taighde, atá le forbairt laistigh den Limistéar Eorpach Taighde chun faireachán a dhéanamh ar ghairmeacha taighde i ngach earnáil[23]. Mar sin féin, is gá sonraí a bhailiú agus a chomhtháthú ar bhealach níos fearr chun faireachán a dhéanamh ar an gclaochlú institiúideach in earnáil ardoideachais an Aontais agus chun bonn eolais a chur faoi cheapadh beartas.

## 1,3. Cuspóirí a shaothrófar leis an moladh beartaithe ón gComhairle

Is é is aidhm don mholadh seo ón gComhairle creat comhchoiteann a chruthú ar leibhéal an Aontais maidir le gairmeacha tarraingteacha, cuimsitheacha agus inbhuanaithe san ardoideachas.

## 1,4. Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Is príomhthoradh é an togra faoin Limistéar Eorpach Oideachais agus cuireann sé leis an obair a rinneadh roimhe seo a leagtar amach sna míreanna thíos.

Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún i dtaca le straitéis Eorpach maidir le hollscoileanna[24], leagtar béim ar an ngá atá le 'gairmréimeanna acadúla solúbtha tarraingteacha san ardoideachas'. Luaitear sa Teachtaireacht go 'molfaidh an Coimisiún, i ndlúthchomhar leis na páirtithe leasmhara agus leis na Ballstáit, creat Eorpach le haghaidh gairmeacha tarraingteacha inbhuanaithe san ardoideachas' 'i sineirgíocht leis an gcreat um ghairmeacha taighde arna fhorbairt faoin Limistéar Eorpach Taighde'. Iarrtar ar na Ballstáit sa Teachtaireacht chéanna 'cothroime measa idir conairí gairme acadúla éagsúla a chur chun cinn agus níos mó solúbthachta a chur ar fáil do ghairmeacha acadúla, lasmuigh den saol acadúil.

Athdhearbhaíodh an cuspóir sin arís sna Conclúidí ón gComhairle maidir le straitéis Eorpach lena gcumhachtaítear institiúidí ardoideachais ar mhaithe le todhchaí na hEorpa[25] ina luaitear '[nach] mór éagsúlacht iomlán na ngníomhaíochtaí acadúla laistigh den saol acadúil agus lasmuigh de, maidir le gach gné de mhisin na n-institiúidí ardoideachais, a chur san áireamh ina measúnuithe gairme'.

---

22 Féach Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún i dtaca le straitéis Eorpach maidir le hollscoileanna, an 18 Eanáir 2022, COM(2022) 16 final. Bunóidh an Coimisiún an Fhaireachlann Eorpach um an Earnáil Ardoideachais. Leis an bhFaireachlann sin, tugtar le chéile an chuid is fearr d'uirlisí agus d'acmhainneachtaí sonraí reatha an Aontais in aon áit amháin, agus feabhas breise á chur ar a n-úsáid.

23 Clár Oibre na hEorpa 2023-2024, 'Rannpháirtíocht a mhéadú agus an Limistéar Eorpach Taighde a neartú'.

24 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún i dtaca le straitéis Eorpach maidir le hollscoileanna, an 18 Eanáir 2022, COM(2022) 16 final.

25 Conclúidí ón gComhairle maidir le straitéis Eorpach lena gcumhachtaítear institiúidí ardoideachais ar mhaithe le todhchaí na hEorpa (IO C 167, 21.4.2022, lch. 9).

Leis an togra seo le haghaidh moladh ón gComhairle, meastar an taithí a fuarthas ó Ghníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie, a chuireann leis na cuspóirí sin trí (i) tallann idirnáisiúnta a mhealladh chun na hEorpa; (ii) dálaí tarraingteacha oibre a chur chun cinn; agus (iii) tacú le hoiliúint, soghluaisteacht agus forbairt gairme taighdeoirí agus foirne acadúla san Eoraip.

Is é is aidhm don Mholadh ón gComhairle maidir le Creat Eorpach a bhunú chun daoine tréitheacha sna réimsí taighde, nuálaíochta agus fiontraíochta a mhealladh agus a choinneáil san Eoraip[26], gairmeacha sa taighde a neartú i ngach earnáil, lena n-áirítear trí Chairt Eorpach nua do Thaighdeoirí a thabhairt isteach. Tá an creat agus an Chairt araon i gcomhréir leis na Conclúidí ón gComhairle maidir leis 'An Limistéar Eorpach Taighde a Dhoimhniú: Gairmeacha agus dálaí oibre tarraingteacha inbhuanaithe a chur ar fáil do thaighdeoirí agus cúrsaíocht daoine oilte a fhíorú'[27] a glacadh i mí na Bealtaine 2021, agus príomh-insoláthartha atá i gceangal leis na Conclúidí ón gComhairle maidir le 'Rialachas an Limistéir Eorpaigh Taighde amach anseo'[28].

An 13 Samhain 2023, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh moladh ón gComhairle 'An Eoraip ag Gluaiseacht – deiseanna soghluaisteachta foghlama do chách'[29]. Is é is aidhm don mholadh atá beartaithe deiseanna a chur ar fáil d'oideoirí, do bhaill foirne agus d'fhoghlaimeoirí ag aon aois.

Sa Rún ón gComhairle maidir le creat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus níos faide i gcéin (2021-2030)[30], leagtar amach gur tosaíocht é 'foghlaim ar feadh an tsaoil agus an tsoghluaisteacht a chur i gcrích do chách'. Neartaítear an tosaíocht sin le gníomhaíochtaí lena gcuirtear chun cinn 'meon an athscilithe agus an uas-scilithe ar fud an Aontais'[31] le linn na Bliana Eorpaí um Scileanna 2023/2024 agus beartais scileanna chun riachtanais agus tacair scileanna foghlaimeoirí (lena n-áirítear iad sin a shealbhaítear le linn na soghluaisteachta) a mheaitseáil le deiseanna sa mhargadh saothair.

Leis an Moladh ón gComhairle an 23 Samhain 2023 maidir le feabhas a chur ar sholáthar scileanna agus inniúlachtaí digiteacha san oideachas agus san oiliúint[32], iarrtar ar na Ballstáit 'leanúint d'fheabhas a chur ar bhearta chun múinteoirí a earcú agus oiliúint a chur ar fáil dóibh ar múinteoirí iad ag a bhfuil saineolas (….) in ardteicneolaíochtaí digiteacha le haghaidh an ardoideachais, agus é a aithint an tráth céanna go dteastaíonn uathu réimse éagsúil scileanna oideolaíocha agus teagaisc'.

---

[26] Moladh ón gComhairle an 18 Nollaig 2023 maidir le creat Eorpach chun daoine tréitheacha sna réimsí taighde, nuálaíochta agus fiontraíochta a mhealladh agus a choinneáil san Eoraip (IO C, C/2023/1640, 29.12.2023, lch. 1).

[27] https://www.consilium.europa.eu/media/49980/st09138-en21.pdf

[28] https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-14308-2021-INIT/en/pdf. Féach gníomhaíochtaí 4 'Gairmeacha taighde tarraingteacha agus inbhuanaithe, cúrsaíocht chothrom tallainne agus soghluaisteacht idirnáisiúnta, trasdisciplíneach agus idirearnálach ar fud LET a chur chun cinn'; 3 'Dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an athchóiriú ar an gcóras measúnaithe le haghaidh taighde, taighdeoirí agus institiúidí chun feabhas a chur ar a gcáilíocht, ar a bhfeidhmíocht agus ar a dtionchar', agus 5 'Comhionannas Inscne a chur chun cinn agus an chuimsitheacht a chothú, agus aird á tabhairt ar dhearbhú Liúibleána'.

[29] Togra le haghaidh moladh ón gComhairle 'An Eoraip ag Gluaiseacht – deiseanna soghluaisteachta foghlama do chách', an 15 Samhain 2023, COM(2023) 719 final.

[30] Rún ón gComhairle maidir le creat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus níos faide anonn (IO C 66, 26.2.2021).

[31] Cinneadh (AE) 2023/936 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 maidir leis an mBliain Eorpach um Scileanna (IO L 125, 11.5.2023, lch. 1).

[32] Moladh ón gComhairle an 23 Samhain 2023 maidir le feabhas a chur ar sholáthar scileanna agus inniúlachtaí digiteacha san oideachas agus san oiliúint (IO C, C/2024/1030, 23.1.2024).

## 1,5. Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais

Tríd an ardoideachas a neartú, rannchuidíonn an togra seo le haghaidh moladh ón gComhairle le hiarrachtaí na hEorpa infheistíocht a dhéanamh i ndaoine agus ina gcuid scileanna, rud a leagann síos an bunús d'fhás marthanach, d'iomaíochas agus d'ardfhostaíocht, i gcomhréir leis an Seimeastar Eorpach.

Tá sé comhsheasmhach freisin le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta[33], ina leagtar amach prionsabail agus cearta riachtanacha a bhaineann le comhdheiseanna agus rochtain ar an margadh saothair, le dálaí oibre cothroma agus le cosaint agus cuimsiú sóisialta, agus leis an Moladh ón gComhairle i mí na Samhna 2019 maidir le 'Rochtain ar chosaint shóisialta d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe'[34].

# 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

## 2,1. Bunús dlí

Tá an togra bunaithe ar Airteagail 165(4) agus 166(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Le hAirteagal 165(1) de CFAE leagtar síos go 'rannchuideoidh an tAontas le hoideachas de chaighdeán a fhorbairt tríd an gcomhar idir Ballstáit a chothú agus, más gá, trí thacú lena ngníomhaíocht agus í a fhorlíonadh, agus freagracht na mBallstát i leith inneachar an teagaisc agus eagrúchán an chórais oideachais [...] á hurramú aige'. Sonraítear tuilleadh in Airteagal 165(2) CFAE go bhfuil gníomhaíocht an Aontais san oideachas dírithe ar 'comhar a chur ar aghaidh idir bunaíochtaí oideachais;' agus 'ataobhú le soghluaisteacht mhac léinn agus múinteoirí'.

Sonraítear le hAirteagal 166(1) CFAE go gcuirfidh an tAontas beartas gairmoiliúna chun feidhme. Luaitear in Airteagal 166(2) de CFAE nach mór 'comhar i réimse na hoiliúna a spreagadh idir bunaíochtaí oideachais agus oiliúna agus gnóthais' a bheith ina aidhm ag gníomhaíocht an Aontais.

Ina theannta sin, tá an togra bunaithe ar Airteagal 153(1), pointí (b) agus (i) i gcomhar le hAirteagal 292. Cé go luaitear in Airteagal 153(1) pointí (b) agus (i) go dtacóidh an tAontas le gníomhaíochtaí na mBallstát agus go gcomhlánóidh sé iad i réimse na ndálaí oibre agus an chomhionannais idir fir agus mná maidir le deiseanna ar mhargadh an tsaothair agus cóir chomhionann san obair, soláthraítear le hAirteagal 292 CFAE an bunús dlí don Chomhairle chun moltaí a ghlacadh bunaithe ar thogra ón gCoimisiún.

Leis an tionscnamh ní bheartaítear aon síneadh le cumhacht rialála an Aontais ná gealltanais cheangailteacha ar na Ballstáit. Is iad na Ballstáit a chinnfidh, bunaithe ar a n-imthosca náisiúnta, conas a chuirfidh siad an moladh seo ón gComhairle chun feidhme.

## 2,2. Coimhdeacht (i gcás inniúlachtaí neamheisiacha)

Tá an togra seo i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta dá bhforáiltear in Airteagal 5(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). Féachann sé le comhar trasnáisiúnta san ardoideachas a mhéadú agus, an tráth céanna, cumas na mBallstát cinntí reachtacha neamhspleácha a dhéanamh a chosaint agus bearta a chur chun feidhme arb é is aidhm dóibh comhar níos doimhne a chothú idir institiúidí ardoideachais. D'ainneoin fhreagracht na

[33] An Forógra Idirinstitiúideach maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta (IO C 428, 13.12.2017, lch. 10).

[34] Moladh ón gComhairle an 8 Samhain 2019 maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe (IO C 387, 15.11.2019, lch. 1).

mBallstát, is fearr aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna comhair thrasnáisiúnta ar leibhéal an Aontais, trí ghníomhaíocht chomhpháirteach.

### 2,3. Comhréireacht

Tá an togra i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta dá bhforáiltear in Airteagal 5(4) CAE. Ní théann ábhar ná foirm an togra thar a bhfuil riachtanach chun a chuspóirí a bhaint amach. Tá na gníomhaíochtaí atá beartaithe comhréireach leis na cuspóirí saothraithe toisc go n-urramaítear leo cleachtais na mBallstát agus éagsúlacht na gcóras. Is de chineál deonach iad aon ghealltanas ó na Ballstáit agus tá sé de shaoirse ag gach Ballstát cinneadh a dhéanamh maidir le cur chun feidhme an togra. Is é an breisluach a bhaineann le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais comhar trasnáisiúnta níos doimhne a chothú idir institiúidí ardoideachais ó Bhallstáit éagsúla, feabhas a chur ar fheidhmiú an ardoideachais san Aontas trí chéile agus an mhealltacht agus an t-iomaíochas a bhaineann leis a mhéadú ar fud an domhain.

### 2,4. An rogha ionstraime

Chun na cuspóirí dá dtagraítear thuas a bhaint amach, foráiltear le hAirteagail 165(4) agus 166(4) CFAE, chomh maith le hAirteagal 292 mar a mhínítear thuas, go nglacfaidh an Chomhairle moltaí, ar thogra ón gCoimisiún. Is ionstraim iomchuí é moladh ón gComhairle laistigh de réimse an oideachais agus na hoiliúna, réimse ina bhfuil freagracht tacaíochta ar an Aontas.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

### 3,1. Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara

Rinneadh go leor gníomhaíochtaí comhairliúcháin le blianta beaga anuas ag na cruinnithe seo a leanas: (i) Meitheal Chreat Straitéiseach an Limistéir Eorpaigh Oideachais maidir leis an Ardoideachas; (ii) Ard-Stiúrthóirí an Ardoideachais, agus (iii) Grúpa Faireacháin Bologna agus an Mheitheal Foghlama agus Teagaisc.

Bhí plé rialta ann idir an Coimisiún agus institiúidí ardoideachais, eagraíochtaí páirtithe leasmhara, lena n-áirítear na hOllscoileanna Eorpacha. Chuir go leor páirtithe leasmhara ionchur ar fáil i scríbhinn (EUA, YERUN, LERU, CESAER, The Guild, EURASHE[35]).

Le suirbhé ar líne agus torthaí ó athbhreithniú litríochta a rinneadh roimhe seo, neartaíodh ionchur na bpáirtithe leasmhara a thuilleadh. Leis an suirbhé agus na torthaí sin, léiríodh go soiléir an easpa aitheantais a mheastar a bheith ann don teagasc agus do ghníomhaíochtaí eile i gcomparáid le taighde i ngairmeacha acadúla in institiúidí ardoideachais. Foilsíodh an glao ar fhianaise[36] an 9 Eanáir 2024 agus dúnadh é an 6 Feabhra 2024, agus ba dhíol sásaimh i gcoitinne do na páirtithe leasmhara an tionscnamh.

---

[35] **EUA**: Cumann Eorpach na nOllscoileanna; **YERUN**: Líonra na nOllscoileanna Taighde Eorpacha Óga; **LERU**: Conradh na nOllscoileanna um Thaighde Eorpach; **CESAER**: Comhdháil na Scoileanna Eorpacha um Ard-Oideachas Innealtóireachta agus Taighde; **The Guild**: Cumann Ollscoileanna Diantaighde na hEorpa; **EURASHE**: Cumann Eorpach na nInstitiúidí Ardoideachais.

[36] Gairmeacha tarraingteacha inbhuanaithe san ardoideachas (europa.eu).

Bhí plé ag an gCoimisiún freisin le comhpháirtithe sóisialta amhail ETUCE[37] le linn phróiseas ullmhúcháin an mholta seo.

### 3,2. Bailiú agus úsáid saineolais

Tá an togra bunaithe ar fhianaise agus ar ionchur a fuarthas ó staidéir agus ó thuarascálacha: Athbhreithniú cuimsitheach litríochta ECORYS agus suirbhé ar líne, lena n-áirítear cruinnithe comhairliúcháin agus fócasghrúpaí[38]; athbhreithniú fianaise ECFE ar ghairmeacha acadúla[39], agus athbhreithniú comhlántach ar fholláine na foirne acadúla arna ndéanamh ag NESET[40].

Ionchuir bunaithe ar thionscadail arna gcistiú ag Erasmus+ a raibh eagraíochtaí páirtithe leasmhara páirteach iontu, cuireadh ionchur ar fáil leo freisin: tionscadal LOTUS[41] arna chomhordú ag EUA agus an tionscadal E-note[42].

### 3,3. Measúnú tionchair

Ní dhearnadh measúnú tionchair, i bhfianaise chineál deonach na ngníomhaíochtaí atá beartaithe agus raon feidhme na dtionchar a bhfuil coinne leo. Bhí forbairt an togra bunaithe ar staidéir a rinneadh roimhe, ar chomhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara agus leis na Ballstáit, agus ar ghlao ar fhianaise.

### 3,4. Cearta bunúsacha

Urramaíonn an togra na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh[43], is é sin an ceart chun oideachais faoi Airteagal 14, urraim do na healaíona agus saoirse na n-ealaíon agus na n-eolaíochtaí faoi Airteagal 13, neamh-idirdhealú faoi Airteagal 21, comhionannas idir mná agus fir faoi Airteagal 23, agus an ceart chun dálaí oibre cothroma agus córa faoi Airteagal 31.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Cé nach mbeidh acmhainní breise ag teastáil ó bhuiséad an Aontais le haghaidh an tionscnaimh seo, déanfaidh na bearta sa mholadh seo foinsí cistithe a shlógadh ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach.

## 5. EILIMINTÍ EILE

### Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún:

---

37 Coiste Eorpach na gCeardchumann um Oideachas.
38 Taighde a rinne ECORYS in 2023.
39 https://doi.org/10.1787/ea9d3108-en.
40 https://nesetweb.eu/en/resources/library/student-and-staff-mental-wellbeing-in-european-higher-education-institutions/.
41 *Leadership and Organisation for Teaching and Learning at European Universities* [Ceannaireacht agus Eagraíocht um Theagasc agus um Fhoghlaim in Ollscoileanna Eorpacha]: LOTUS (eua.eu).
42 Baile — An Líonra Eorpach um Barrfheabhas Teagaisc.
43 Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, (IO C 326, 26.10.2012, lch. 391).

- An phiarfhoghlaim a éascú i measc na mBallstát, institiúidí ardoideachais agus páirtithe leasmhara, lena n-áirítear comhghuaillíochtaí d'Ollscoileanna Eorpacha maidir le feabhsú teagaisc; sásraí lena n-áirithítear go n-aithnítear teagasc agus rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí comhair thrasnáisiúnta, agus lena gcuirtear conairí inbhuanaithe gairme agus bearta bainistithe tallainne iomchuí ar fáil don fhoireann acadúil agus d'fhoireann seirbhísí gairmiúla.
- Sineirgí a chothú idir an togra seo agus an Moladh ón gComhairle maidir le Creat Eorpach a bhunú chun daoine tréitheacha sna réimsí taighde, nuálaíochta agus fiontraíochta a mhealladh agus a choinneáil san Eoraip. D'fhéadfadh sé sin cabhrú le gairmeacha níos fearr agus níos comhsheasmhaí a áirithiú don fhoireann acadúil atá ag obair in institiúidí ardoideachais agus taighde.
- Beartas atá fianaisebhunaithe a éascú agus faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn an togra seo trí mhapáil a dhéanamh, tríd an bhFaireachlann Eorpach um an Earnáil Ardoideachais, ar shonraí atá ann cheana maidir le beartais a bhaineann le gairmeacha ardoideachais agus beartais foirne ar an leibhéal Eorpach, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal institiúideach. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún freisin bearnaí agus riachtanais sonraí a shainaithint agus breithniú a dhéanamh ar naisc ábhartha idir an Faireachlann Eorpach um an Earnáil Ardoideachais agus an fhaireachlann um ghairmeacha taighde arna bhforbairt laistigh den Limistéar Eorpach Taighde.

2024/0078 (NLE)

Togra le haghaidh

# MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le gairmeacha tarraingteacha inbhuanaithe san ardoideachas

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, go háirithe Airteagal 292 i gcomhar le hAirteagal 153(1), pointí (b) agus (i), agus Airteagail 165(4) agus 166(4) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá foireann ar ardchaighdeán ríthábhachtach d'institiúidí ardoideachais rathúla an Aontais agus do chomhar trasnáisiúnta níos doimhne ó Bhallstát go chéile, i gcomhréir leis an straitéis Eorpach maidir le hollscoileanna.[44]

(2) Ba cheart 'foireann acadúil' san ardoideachas a thuiscint mar bhaill foirne arb é a bpríomhshannadh é a bheith ag teagasc nó taighde a dhéanamh in institiúidí a thairgeann cláir ar leibhéil 5 go 8 den Chreat Eorpach um Cháilíochtaí (EQF)[45]. Ba cheart a thuiscint go n-áirítear ar na baill foirne a ndírítear orthu leis an Moladh seo baill foirne atá ag obair in institiúidí ardoideachais a dhéanann teagasc agus taighde araon, agus baill foirne a dhéanann teagasc amháin nó teagasc den chuid is mó, gan beann ar a stádas. Áirítear leis freisin taighdeoirí atá ag obair in institiúidí ardoideachais, agus b'fhéidir nach bhfuil post buan teagaisc acu, ach a bhfuil baint acu le saol na hinstitiúide agus a bhféadfadh baint a bheith acu leis an teagasc ó am go chéile.

(3) Áirítear i roinnt moltaí foireann seirbhísí gairmiúla nach meastar go docht gur 'foireann acadúil' iad, ach a bhfuil saineolas leathan ardleibhéil acu i réimsí straitéiseacha, dlí nó cumarsáide, gairmithe a oibríonn i réimsí a bhaineann le cúraimí acadúla ach nach bhfuil aon rannpháirtíocht dhíreach acu iontu, nó gairmithe ardoideachais a bhfuil eolas fairsing acu ar an ardoideachas agus ar bheartais ábhartha eile.

(4) Tá athrú ag teacht ar dhálaí na n-institiúidí ardoideachais agus tá cineálacha nua gníomhaíochtaí acadúla á gcruthú. Tá coinne leis go gcomhlíonfaidh an fhoireann

---

44 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún i dtaca le straitéis Eorpach maidir le hollscoileanna, an 18 Eanáir 2022, COM(2022) 16 final.

45 An Creat Eorpach um Cháilíochtaí (EQF) | Europass.

acadúil san ardoideachas róil éagsúla amhail oideachas agus taighde traidisiúnta, fiontraíocht agus nuálaíocht, luachshocrú eolais, comhar trasnáisiúnta, rannpháirtíocht sa ghnó agus sa phobal[46], forbairt réigiúnach agus áitiúil, meantóireacht, riarachán agus bainistíocht agus rannpháirtíocht sa rialachas institiúideach. Ní aithnítear na róil éagsúla sin ar bhonn cothrom. Chun dul i ngleic le claontacht i struchtúir ghairme agus le haitheantas sóisialta foriomlán do thaighde ar chostas an teagaisc agus gníomhaíochtaí acadúla eile nach gníomhaíochtaí taighde iad, bheadh sé iomchuí cuir chuige a chur chun cinn lena dtugtar aitheantas do chonairí gairme acadúla éagsúla agus na cuir chuige sin a chur san áireamh i bpróisis a bhaineann le breithmheasa foirne agus ardú céime.

(5) Trí dhálaí níos fearr a chruthú don fhoireann acadúil agus trí aghaidh a thabhairt ar bhacainní, is féidir cur le tarraingteacht na n-institiúidí ardoideachais mar áiteanna oibre agus feabhas a chur ar a gcumas éifeachtaí iarmharta dearfacha breise a spreagadh, go háirithe ar mhargadh an tsaothair trí fhorbairt tallainne a spreagadh. Foireann acadúil ar a gcuirtear luach níos airde agus dá dtugtar níos mó tacaíochta, is féidir lé foireann mar sin cuidiú a thabhairt chun an lucht saothair is gá a chothú chun geilleagair réigiúnacha a fhorbairt, ar geilleagair iad ar mó a bhíonn siad ag brath ar eolas, ar nuálaíocht agus ar dhaoine ardoilte. Aithníodh an tábhacht a bhaineann le hinstitiúidí ardoideachais tarraingteacha agus éifeachtacha go háirithe i réigiúin atá i sáinn na forbartha tallainne nó i mbaol titim i sáinn na forbartha tallainne, ar réigiúin iad atá tite ar gcúl ó thaobh deiseanna nua eacnamaíocha a chruthú.[47]

(6) Gníomhaíochtaí trasnáisiúnta atá ag éirí níos straitéisí, lena n-áirítear comhghuaillíochtaí d'Ollscoileanna Eorpacha[48] a thógáil agus cláir oideachais thrasnáisiúnta a fhorbairt, bíonn foireann acadúil, chomh maith le foireann seirbhísí gairmiúla, ag teastáil chun na gníomhaíochtaí sin a chur i gcrích chun am breise agus fuinneamh breise a thiomnú do na gníomhaíochtaí sin sa bhreis ar an gcroítheagasc agus ar an mbuntaighde. D'fhonn na gníomhaíochtaí sin a fhorbairt a thuilleadh, ní mór aitheantas a thabhairt, trí na sásraí breithmheasa agus ardaithe céime, do rannpháirtíocht na foirne san obair ar chomhar trasnáisiúnta.

(7) Is gné thábhachtach í timpeallacht oibre atá saor agus neamh-idirdhealaitheach chun go mbeidh an fhoireann acadúil in ann teagasc ar ardchaighdeán a chur ar fáil. Ba cheart an tsaoirse acadúil a chosaint agus a chur chun cinn chun an t-ardleibhéal atá ag an bhfoireann acadúil san Aontas a choinneáil ar bun. D'fhéadfadh dúshláin a bheith roimh an bhfoireann acadúil agus roimh fhoireann seirbhísí gairmiúla freisin maidir le dálaí oibre míshásúla[49], ualach oibre trom agus claonadh inscne nó claonta eile i dtaca

---

[46] Tá níos mó i gceist le misean an ardoideachais ná feidhmeanna an oideachais agus an taighde. Ciallaíonn rannpháirtíocht ghnó comhpháirtíochtaí a bhunú idir institiúidí ardoideachais agus gnólachtaí, lena dtugtar tairbhí frithpháirteacha amhail rochtain ar theicneolaíochtaí núíosacha le haghaidh cuideachtaí, agus rochtain ar threalamh, ar shaineolas nó ar líonraí lasmuigh den saol acadúil le haghaidh institiúidí ardoideachais. Ciallaíonn rannpháirtíocht an phobail luachanna daonlathacha agus rannpháirtíocht shibhialta a neartú, aghaidh a thabhairt ar riachtanais grúpaí leochaileacha, rannchuidiú le forbairt chultúrtha, faisnéis a chur ar fáil i gcomhair beartas poiblí agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shóisialta ar mórscála.

[47] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir leis an Tallann san Eoraip a chur chun tairbhe, an 17 Eanáir 2023, COM(2023) 32 final.

[48] Is tionscnamh de chuid an Aontais é tionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha arb é is aidhm dó comhghuaillíochtaí a bhunú idir institiúidí níos airde ar fud na hEorpa. Cuirtear chun feidhme é go príomha trí chistiú ó Erasmus+.

[49] Lena n-áirítear easpa beart cóiríochta réasúnta le haghaidh daoine faoi mhíchumas, an Treoir maidir le Comhionannas Fostaíochta, 2000/78/CE

le measúnú agus aitheantas. Chomh maith leis sin, is minice a fhostaítear mná ar chonarthaí neamhbhuana agus sealadacha ná mar a fhostaítear fir[50]. Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, is gá dálaí oibre iomaíocha, inrochtana agus cothroma a chur chun cinn sa saol acadúil.

(8) Tá gníomhaíocht an Aontais i dtreo na cuimsitheachta, na héagsúlachta agus an chomhionannais inscne san ardoideachas bunaithe ar chur chuige cuimsitheach barr feabhais. Féachann sé le tacú le hardoideachas den scoth agus, an tráth céanna, comhionannas rannpháirtíochta a áirithiú agus béim ar leith á leagan ar phobail faoi thearcionadaíocht agus ar phobail faoi mhíbhuntáiste. D'fhonn aghaidh a thabhairt ar thearcionadaíocht grúpaí áirithe in institiúidí ardoideachais, go háirithe i bpoist cheannaireachta, bheadh sé iomchuí pleananna éagsúlachta agus cuimsithe a chur chun cinn in institiúidí ardoideachais agus i bpróisis a bhaineann le hardú céime.

(9) Rinneadh an Moladh seo a dhearadh i ndlúthshineirge leis an Moladh ón gComhairle maidir le Creat Eorpach a bhunú chun daoine tréitheacha sna réimsí taighde, nuálaíochta agus fiontraíochta a mhealladh agus a choinneáil san Eoraip[51], lena ndírítear ar ghairmeacha taighde níos tarraingtí i ngach earnáil, lena n-áirítear an saol acadúil, agus ar aitheantas iomlán a thabhairt do gach cineál conaire gairme. Is é is aidhm don dá mholadh feabhas a chur ar dhálaí oibre, ar chobhsaíocht gairmeacha, ar scileanna, ar chomhionannas inscne, ar chuimsitheacht agus ar bhearta cosanta sóisialta do na spriocghrúpaí a bhaineann leo.

(10) Is é is aidhm don Mholadh seo aitheantas níos fearr a spreagadh don fhuinneamh agus don am a chaitheann an fhoireann acadúil agus foireann seirbhísí gairmiúla eile ar ghníomhaíochtaí comhair thrasnáisiúnta, mar shampla comhghuaillíochtaí d'Ollscoileanna Eorpacha. Chun an tionscnamh seo a chur i bhfeidhm go hiomlán[52], agus chun gníomhaíochtaí comhair thrasnáisiúnta a spreagadh, lena n-áirítear céimeanna comhpháirteacha a fhorbairt, ba cheart rannpháirtíocht iomlán foirne agus peirspictíochtaí gairme d'fhoirne seirbhísí acadúla agus gairmiúla a bhfuil baint acu leis na feidhmeanna comhordaithe straitéisigh a chur chun cinn. Trí bhaill foirne a dhreasú chun soghluaisteacht thrasnáisiúnta agus idirearnálach a chur chun cinn, ba cheart rannchuidiú go mór le cláir oideachais thrasnáisiúnta nuálacha agus idirdhisciplíneacha a fhorbairt, ar mhaithe le gach mac léinn.

(11) Is é is aidhm don Mholadh seo bearta a chur chun cinn chun feabhas a chur ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach, agus aitheantas breise a thabhairt don éagsúlacht gníomhaíochtaí a dhéanann an fhoireann acadúil. Leis sin, beifear in ann an fhoireann ina hiomláine a shlógadh chun teagasc agus foghlaim nuálach a fhorbairt, meon uas-scilithe agus athscilithe a spreagadh, agus sealbhú scileanna a chur chun cinn le haghaidh na n-aistrithe glasa agus digiteacha, lena n-áirítear úsáid na hintleachta saorga sa teagasc.

---

[50] An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht an Taighde agus na Nuálaíochta, She figures 2021 – *Gender in research and innovation – Statistics and indicators* [Comhionannas Inscne sa Taighde agus sa Nuáil – Staidreamh agus táscairí], Oifig na bhFoilseachán, 2021, https://data.europa.eu/doi/10.2777/06090.

[51] Moladh ón gComhairle an 18 Nollaig 2023 maidir le creat Eorpach chun daoine tréitheacha sna réimsí taighde, nuálaíochta agus fiontraíochta a mhealladh agus a choinneáil san Eoraip (IO C, C/2023/1640, 29.12.2023).

[52] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún i dtaca le straitéis Eorpach maidir le hollscoileanna, an 18 Eanáir 2022, COM(2022) 16 final.

(12) Is é is aidhm don Mholadh seo dálaí iomaíocha, cothroma, cuimsitheacha, inrochtana, sábháilte agus neamh-idirdhealaitheacha a chur chun cinn d'fhoirne seirbhísí acadúla agus gairmiúla chun iad a mhealladh chuig an earnáil ardoideachais agus iad a choinneáil san earnáil sin. Ba cheart a chur ar chumas na foirne acadúla modhanna teagaisc nuálacha a fhorbairt i dtimpeallacht ina bhfuil dálaí oibre iomaíoch agus cothrom agus ina gcosnaítear cearta bunúsacha agus nach bhfuil aon eagla roimh dhíoltas agus/ná aon tionchar seachtrach míchuí ann.

(13) Tá sé d'aidhm ag an Moladh seo freisin feabhas a chur ar an mbonn fianaise chun beartais agus straitéisí acmhainní daonna a fhorbairt san ardoideachas. Ós rud é nach ndéantar sonraí atá inchomparáide ar bhonn idirnáisiúnta a bhailiú go córasach faoin bhfoireann acadúil, agus ós rud é go n-úsáidtear tacair éagsúla catagóirí foirne i gcórais ardoideachais éagsúla, bheadh sé iomchuí féachaint an bhféadfaí sonraí níos mionsonraithe a bhailiú chun faireachán leordhóthanach a dhéanamh ar threochtaí atá ag teacht chun cinn agus chun céimeanna beartais atá bunaithe go fírinneach ar fhianaise a ghlacadh le haghaidh comhar trasnáisiúnta níos doimhne ar leibhéal an Aontais.

(14) 'Chun tacú leis an Moladh seo, agus i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, le hinstitiúidí ardoideachais agus le comhpháirtithe sóisialta, i Meitheal Chreat Straitéiseach an Limistéir Eorpaigh Oideachais maidir leis an Ardoideachas[53], tá sé beartaithe ag an gCoimisiún an méid seo a leanas a chomhordú: treoirlínte a ullmhú chun comhairle a chur ar fáil maidir leis an gcaoi ar féidir le hinstitiúidí ardoideachais feabhas a chur ar tharraingteacht gairmeacha acadúla agus tacaíochta gairmiúla foirne, agus creat inniúlachta Eorpach don fhoireann acadúil, chun feabhas a chur ar thréscaoilteacht gairmeacha sna hearnálacha éagsúla, ag tógáil ar na creataí ábhartha inniúlachta atá ann cheana ar leibhéal an Aontais, amhail an Creat Eorpach Inniúlachta do Thaighdeoirí (ResearchComp).[54]

(15) Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún freisin tacú le hidirphlé sóisialta tiomnaithe a eagrú ar leibhéal an Aontais maidir le gairmeacha foirne seirbhísí acadúla agus gairmiúla, an phiarfhoghlaim idir na Ballstáit a éascú maidir le sásraí éifeachtacha lena n-áirithítear aitheantas do rannpháirtíocht foirne i gcomhar trasnáisiúnta agus i ngníomhaíochtaí nuálacha teagaisc i seirbhísí acadúla agus gairmiúla; agus tacú le beartas fianaisebhunaithe agus faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn trí mhapáil a dhéanamh, tríd an bhFaireachlann Eorpach um an Earnáil Ardoideachais[55], ar shonraí atá ann cheana maidir le gairmréimeacha ardoideachais agus beartais foirne ar an leibhéal Eorpach, náisiúnta agus institiúideach, agus bearnaí agus riachtanais sonraí a shainaithint.

(16) Cothaíonn an Coimisiún sineirgí leis an Moladh ón gComhairle maidir le Creat Eorpach a bhunú chun daoine tréitheacha sna réimsí taighde, nuálaíochta agus fiontraíochta a mhealladh agus a choinneáil san Eoraip, chun gairmeacha feabhsaithe

---

53 Socruithe faoin Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir leis an Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach faoi 2025, an 30 Meán Fómhair 2020, COM(2020) 625 final.

54 ResearchComp:An Creat Eorpach Inniúlachta do Thaighdeoirí - An Coimisiún Eorpach (europa.eu).

55 Féach Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún i dtaca le straitéis Eorpach maidir le hollscoileanna, an 18 Eanáir 2022, COM(2022) 16 final. Tá an Fhaireachlann Eorpach um an Earnáil Ardoideachais á bunú ag an gCoimisiún. Tá an Fhaireachlann sin ceaptha an chuid is fearr d'uirlisí agus d'acmhainneachtaí sonraí reatha an Aontais a chomhcheangal in aon áit amháin, agus tuilleadh feabhais á chur ar a n-úsáid an tráth céanna.

agus comhsheasmhacha a áirithiú do bhaill foirne acadúla atá ag obair in institiúidí ardoideachais agus atá rannpháirteach i dteagasc agus i dtaighde araon.

(17) Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún comhar oideachais trasnáisiúnta agus barr feabhais nuálach oideachais a fhorbairt a thuilleadh, a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt dó trí fhoinsí maoinithe ábhartha ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear trí chlár Erasmus+[56], agus na Ballstáit a spreagadh an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil a úsáid chun saineolas teicniúil saincheaptha a fháil chun na hathchóirithe is gá a cheapadh agus a chur chun feidhme i réimse an ardoideachais, lena n-áirítear trí chomhar a chothú idir lucht déanta beartas, taighde agus an saol acadúil agus trí tharraingteacht gairmeacha acadúla a fhorbairt,

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

**Comhar trasnáisiúnta**

1. Moltar do na Ballstáit rannpháirtíocht i gcomhar trasnáisiúnta níos doimhne a chur chun cinn, a aithint agus meas a léiriú di, go háirithe:

   (a) rannpháirtíocht foirne seirbhísí acadúla agus gairmiúla a spreagadh agus tacú leo i ngníomhaíochtaí comhair thrasnáisiúnta níos doimhne amhail cláir chéime chomhpháirtí nó comhthairiscintí oideachais agus oiliúna a mbeidh micridhintiúir mar thoradh orthu[57], ar gach leibhéal agus i ngach disciplín, trí luacháil a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin. Mar shampla, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

      (i) breithniú a dhéanamh ar chomhtháthú na gcuspóirí a bhaineann le comhar oideachais trasnáisiúnta i gconairí gairme, agus i mbeartas foirne ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal institiúideach;

      (ii) forbairt gníomhaíochtaí oideachais trasnáisiúnta comhpháirteacha a chur san áireamh i mbreithmheas gairme acadúla na foirne acadúla;

      (iii) obair a bhaineann le comhar trasnáisiúnta in uaireanta oibre iomlána na foirne acadúla a chur san áireamh;

   (b) an cuspóir a shaothrú, in idirphlé leis an earnáil ardoideachais, chun peirspictíochtaí fadtéarmacha gairme agus bearta bainistithe tallainne a fhorbairt lena ndíreofar ar fhoirne seirbhísí acadúla agus gairmiúla a bhfuil baint acu le comhordú agus bainistiú comhghuaillíochtaí d'institiúidí ardoideachais, amhail comhghuaillíochtaí d'Ollscoileanna Eorpacha;

   (c) forbairt agus cur chun cinn deiseanna nua don tsoghluaisteacht Eorpach agus idirnáisiúnta a spreagadh, lena gcuirfear foirmeacha malartacha ar fáil freisin dóibh siúd nach bhfuil in ann taisteal, d'fhoirne seirbhísí acadúla agus ghairmiúla, agus trí na hionstraimí atá ann cheana maidir le bainistiú gairme agus soghluaisteacht an lucht saothair a ghiaráil, amhail ardán Europass[58] agus

---

56 Rialachán (AE) 2021/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Erasmus+: Clár an Aontais um oideachas agus oiliúint, an óige agus spórt agus lena n- aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013 (IO L 189, 28.5.2021, lch. 1).

57 Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le cur chuige Eorpach i leith micridhintiúr don fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus don infhostaitheacht (IO C 243, 27.6.2022, lch. 10).

58 Baile | Europass.

comhairleoirí soghluaisteachta an líonra comhair Eorpaigh seirbhísí fostaíochta (EURES)[59];

(d) tacú le hinstitiúidí ardoideachais chun a áirithiú gur féidir leo acmhainneacht leordhóthanach acmhainní daonna a chur ar fáil don chomhar trasnáisiúnta;

(e) an deis a spreagadh d'fhoireann seirbhísí acadúla agus gairmiúla a bheith foghlaim ar feadh an tsaoil, lena n-áirítear trí dhul ar saoire shabóideacha chun feabhas a chur ar na scileanna is gá do ghníomhaíochtaí oideachais trasnáisiúnta.

**Institiúidí ardoideachais**

2. Moltar do na Ballstáit róil acadúla éagsúla a chur chun cinn, a aithint agus meas a léiriú dóibh, lena n-áirítear teagasc nuálach éifeachtach, agus go háirithe:

(a) dul i mbun idirphlé leis an earnáil ardoideachais, d'fhonn an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) a áirithiú go n-aithneoidh agus go gcúiteoidh beartais acmhainní daonna san earnáil ardoideachais róil éagsúla na foirne acadúla, amhail teagasc, taighde, fiontraíocht agus nuálaíocht, luachshocrú eolais, comhar trasnáisiúnta, rannpháirtíocht sa ghnó agus sa phobal, forbairt réigiúnach agus áitiúil, meantóireacht, riarachán agus bainistíocht agus rannpháirtíocht sa rialachas institiúideach;

(ii) cuir chuige a chur chun cinn, idir chuir chuige atá nua agus chuir chuige atá ann cheana, ina léirítear meas agus ina dtugtar aitheantas agus cúiteamh do ghairmeacha acadúla éagsúla le haghaidh tréscaoilteacht gairmeacha i róil éagsúla na foirne acadúla dá dtagraítear i bpointe 2(a)(i); ar fud earnálacha éagsúla poiblí agus príobháideacha; agus i dtíortha éagsúla, agus sosanna gairme[60] á gcur san áireamh ar bhealach trédhearcach;

(iii) cleachtais a fhorbairt san earnáil ardoideachais, chun meas a léiriú don fheabhsú teagaisc agus don fhorbairt foirne, agus cothroime measa i leith an teagaisc a chur chun cinn i gcomparáid le taighde, i mbreithmheas foirne agus in arduithe céime;

(iv) ceannaireacht institiúideach in institiúidí ardoideachais a spreagadh chun an bhéim ar an bhfoghlaim agus ar an teagasc a mhéadú agus a choinneáil ar bun tríd an oiread airde a thugtar ar an taighde a thabhairt ar an teagasc, agus meas a léiriú dóibh siúd a chuireann barr feabhais teagaisc agus foghlama chun cinn go gníomhach in institiúidí ardoideachais;

(b) cleachtais a fhorbairt san earnáil ardoideachais, i gcomhar leis an earnáil ardoideachais, chun infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt leanúnach scileanna tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

59 EURES (europa.eu).

60 Mar shampla, mar gheall ar fhreagrachtaí tuismíochta agus cúraim, agus fadhbanna sláinte.

(i) oiliúint agus tacaíocht chuí a chur ar fáil don fhoireann acadúil atá i mbun gníomhaíochtaí teagaisc, lena n-áirítear baill foirne luathghairme agus múinteoirí páirtaimseartha;

(ii) tacú le feabhsú teagaisc, trí thacú le taighde ar an teagasc agus le modhanna oideolaíocha nua a thástáil, agus trí ionaid nuálacha teagaisc agus foghlama a chruthú ar fud institiúidí ardoideachais chun cabhrú leis an bhfoireann acadúil lena misean teagaisc;

(iii) tacaíocht a sholáthar d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach don fhoireann acadúil i gcineálacha cur chuige nuálacha i leith na foghlama agus an teagaisc, lena n-áirítear trí mhicridhintiúir, chun feabhas a chur ar chineálacha cur chuige teagaisc digiteacha agus nuálacha, lena n-áirítear úsáid shábháilte thrédhearcach na hintleachta saorga a ghiaráil, an fhoghlaim don aistriú glas agus don fhorbairt inbhuanaithe a leabú ina gcuid cúrsaí[61], cuir chuige chuimsitheacha foghlama atá dírithe ar ghrúpaí éagsúla foghlaimeoirí, comhtháthú an chomhair thrasnáisiúnta laistigh de chláir oideachais agus oiliúna: eolas a chomhroinnt trí chúrsaí ar líne leis an gcuid eile den domhan bunaithe ar phrionsabail an Oideachais Oscailte[62];

(c) machnamh a dhéanamh ar tháscairí a chomhtháthú lena ndéantar measúnú ar leibhéal na nuálaíochta agus na cáilíochta sa teagasc agus san fhoghlaim sna próisis dearbhaithe cáilíochta atá ann cheana.

3. Moltar do na Ballstáit urraim do chomhaontuithe comhchoiteanna, d'idirphlé sóisialta éifeachtach, agus do neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta a spreagadh, agus gníomhaíocht tacaíochta a dhéanamh ionas go gcuirfidh fostóirí dálaí oibre tarraingteacha, cuimsitheacha agus iomaíocha ar fáil, ina léirítear meas do bhaill foirne acadúla, agus ina dtugtar spreagadh agus tacaíocht dóibh. D'fhéadfaí an méid seo a leanas a áireamh ar ghníomhaíocht tacaíochta den sórt sin:

(a) feabhas a chur ar chleachtais earcaíochta agus ar dhálaí oibre na foirne seirbhísí acadúla agus gairmiúla, chomh maith le sásraí cistiúcháin gaolmhara, chun na dálaí sin a dhéanamh níos trédhearcaí, níos intuartha, níos inrochtana agus níos cobhsaí, go háirithe do bhaill foirne luathghairme;

(b) luach saothair ar cóimhéid a sholáthar atá saor ó bhearnaí pá idir na hinscní, cothromaíocht oibre is saoil agus dálaí oibre solúbtha na mball foirne seirbhísí acadúla agus gairmiúla a chuidíonn leis an saol pearsanta, an teaghlach, freagrachtaí cúraim, sláinte, sábháilteacht agus folláine fhoriomlán a thabhairt le chéile, gan dochar do ghairmeacha beatha;

(c) rochtain ar chosaint shóisialta leordhóthanach a chur ar fáil gan beann ar an gcineál fostaíochta, gan dochar do cheart na mBallstát prionsabail bhunúsacha a gcóras slándála sóisialta a shainiú. D'fhéadfadh na bearta sin a bheith bainteach leis na brainsí seo a leanas, a mhéid a sholáthraítear iad sna Ballstáit: sochair dhífhostaíochta; sochair bhreoiteachta agus sochair chúraim sláinte;

61 Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le foghlaim don aistriú glas agus don fhorbairt inbhuanaithe (IO C 243, 27.6.2022, lch. 1).

62 Is ionann cleachtais oideachais oscailte agus teicnící teagaisc agus foghlama lena mbaintear leas as teicneolaíochtaí oscailte agus rannpháirteacha agus as acmhainní oideachais oscailte chun foghlaim chomhoibríoch sholúbtha a éascú.

saoire mháithreachais; saoire atharthachta agus saoire do thuismitheoirí agus sochair ghaolmhara; sochair easláine; sochair seanaoise agus sochair mharthanóirí; sochair i leith tionóiscí tionsclaíocha agus galair cheirde;

(d) rochtain a sholáthar ar fhaisnéis atá cothrom le dáta, cuimsitheach, soláimhsithe agus intuigthe go soiléir maidir lena gcearta agus a n-oibleagáidí cosanta sóisialta, agus chun a áirithiú go gcaomhnófar agus go gcarnfar teidlíochtaí – cibé acu a fhaightear iad trí scéimeanna sainordaitheacha nó deonacha – agus go mbeidh siad inaistrithe thar gach cineál stádas fostaíochta agus féinfhostaíochta agus thar theorainneacha geografacha, earnálacha eacnamaíocha, ar feadh an tsaoil oibre nó le linn tréimhse tagartha áirithe agus idir scéimeanna éagsúla laistigh de bhrainse cosanta sóisialta ar leith;

(e) a áirithiú gur féidir leis an bhfoireann acadúil, ag gach céim dá ngairm agus gan beann ar an gcineál conartha fostaíochta atá acu, páirt a ghlacadh i dteagasc agus i bhfoghlaim, i dtaighde, gan cur isteach ná eagla roimh dhíoltas tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) rannchuidiú le héifeachtacht sásraí faireacháin lena ndéantar an tsaoirse acadúil a chur chun cinn agus a chosaint;
(ii) creataí a shainiú chun baill aonair den fhoireann acadúil a chosaint ar chur isteach seachtrach míchuí agus ar bhagairtí seachtracha míchuí;
(iii) rannchuidiú le trédhearcacht i gcomhaontuithe cistiúcháin nó comhair trí bhainistiú riosca éifeachtach a chur i bhfeidhm;

(f) comhionannas inscne, cothromaíocht inscne, comhdheiseanna agus cuimsitheacht a áirithiú don fhoireann acadúil ó gach cúlra, lena n-áirítear trí dhea-chleachtais a fhorbairt agus a chomhroinnt san ardoideachas maidir le comhionannas inscne, cuimsitheacht agus éagsúlacht, agus institiúidí ardoideachais a spreagadh chun uirlisí atá ann cheana a úsáid nó uirlisí nua a fhorbairt amhail Cairteanna um an Éagsúlacht[63], cóid iompair, ábhair threoracha nó lámhleabhair;

(g) éifeachtacht na mbeart a áirithiú arb é is aidhm dóibh timpeallacht oibre chuimsitheach a chruthú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) tacú le baill foirne acadúla ar mná iad leibhéal ard sinsearachta acadúla agus róil ardbhainistíochta/cheannaireachta a bhaint amach;
(ii) tabhairt isteach pleananna comhionannais inscne agus pleananna níos leithne maidir le héagsúlacht agus cuimsiú a chur chun cinn in institiúidí ardoideachais, agus i bpróisis a bhaineann le hardú céime;
(iii) rannchuidiú le cleachtais bhreithmheasa a chur ar fáil atá níos tacúla agus níos bunaithe ar iontaoibh, tús áite a thabhairt don inspreagadh intreach, d'aiseolas oscailte, agus don chomhar, lena n-áirítear tríd an mbonn a fhorbairt do cheapadh beartas fianaisebhunaithe maidir leis an gcuimsiú agus an éagsúlacht.

4. Moltar do na Ballstáit dul i mbun ceapadh beartais atá bunaithe níos mó ar fhianaise agus atá dírithe ar dhálaí iomaíocha, sábháilte, cothroma agus neamh-idirdhealaitheacha a chruthú sa saol acadúil bunaithe ar na sonraí eagraíochtúla,

---

[63] Tá 10 mbliana slánaithe ag Ardán an Aontais Eorpaigh maidir le Cairt na hÉagsúlachta! - An Coimisiún Eorpach (europa.eu).

náisiúnta agus Eorpacha atá ar fáil maidir le gairmeacha agus soláthar foirne ardoideachais.

5. Moltar do na Ballstáit an Moladh seo a leanúint a luaithe is féidir chun go bhféadfar tosaíochtaí na Conclúide ón gComhairle maidir le straitéis Eorpach lena gcumhachtaítear institiúidí ardoideachais ar mhaithe le todhchaí na hEorpa a chur chun feidhme ina n-iomláine[64]. Iarrtar orthu an Coimisiún a chur ar an eolas go rialta, i gcomhthéacs struchtúir oibre chreat an Limistéir Eorpaigh Oideachais, maidir leis na bearta comhfhreagracha atá le déanamh ar an leibhéal iomchuí chun tacú le cuspóirí an Mholta seo mar chéimeanna riachtanacha chun an Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach agus a fhorbairt a thuilleadh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

[64] Conclúidí ón gComhairle maidir le straitéis Eorpach lena gcumhachtaítear institiúidí ardoideachais ar mhaithe le todhchaí na hEorpa (IO C 167, 21.4.2022, lch. 9).